An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# Sraith Uirlisí

# Imscaradh Acmhainní CRS

© NCSE 2022

Tá an saothar seo curtha ar fáil faoi théarmaí an Creative Commons Attribution Non-commercial Share Alike 4.0 International https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/. Is féidir leat an t-ábhar seo a úsáid agus a athúsáid (gan íomhánna agus lógónna a áireamh) saor in aisce i bhformáid ar bith agus trí mheán ar bith, faoi théarmaí an Cheadúnais Creative Commons Attribution Non-Commercial Share Alike.

***Clár Ábhar***

Eochairphrionsabail chun an Próiseas Forfheidhmithe a Threorú ………………………… lch.3
Teimpléad Pleanála mar Threoir do Leithdháileadh Tacaíochtaí CRS........………… lch.4-7
Teimpléad Rolla - Daltaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu ............................ lch.8
Bileog Leide féinmhachnamhach ……………………………………………………… lch.9 -16
Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus na nDaltaí ..………………………..... lch.17
Comhad An Scoláire Um Leanúntas Tacaíochta ...............................................…..…. lch.18 – 27
Samplaí de Riachtanais Chúraim Phríomhúil ..............................................…. lch.28 - 30

## *Eochairphrionsabail chun an Próiseas Forfheidhmithe a Threorú*

1. Tá fáilte roimh gach scoláire, beag beann ar na riachtanais chúraim bhreise atá acu, clárú sna scoileanna ina gceantar áitiúil, agus éascaítear iad chun amhlaidh a dhéanamh.

2. Déantar sna scoileanna. na hoiriúnuithe a bhíonn ag teastáil chun freastal ar na daltaí siúd a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu

3. Déanann scoileanna tacaí breise a imscaradh agus a bhainistiú go héifeachtach chun tacú leis na daltaí sin a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu a bhfuil an gá is mó leo.

4. Bíonn leithdháileadh agus imscaradh na dtacaíochtaí solúbtha agus freagraíonn sé do riachtanais na ndaltaí agus bíonn sé dírithe ar na tacaíochtaí cearta a bheith curtha ar fáil chun freastal ar na riachtanais chúraim bhreise ag an am ceart.

5. Tá úsáid na dtacaíochtaí cúraim bhreise dírithe ar neamhspleáchas na ndaltaí a fhorbairt ionas go gcuirtear ar a gcumas saol neamhspleách a bheith acu nuair a fhágann siad an scoil – de réir an léibhéal cumais aonair.

6. Úsáidtear tacaíochtaí cúraim bhreise chun torthaí níos fearr do dhaltaí a chur chun cinn.

7. Tá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a linbh ríthábhachtach.

8. Cuirtear idirpháirtíocht agus rannpháirtíocht na scoláirí san fhoghlaim agus i ngnéithe eile den saol scoile chun cinn. Éascófar do dhaltaí ionadaíocht a bheith acu sa chinnteoireacht faoi conas a thacófar leo le linn dóibh a bheith ar scoil.

Comprehensive Review of the Special Needs Assistant Scheme (2018) Páipéar Comhairle um Beartas CNOS Uimh. 6, 2018

## *AN PHLEANÁIL*

***Teimpléad Pleanála mar Threoir do Leithdháileadh Tacaíochtaí um Chúram Breise do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu***

| | |
|---|---|
| **Beart 1:**<br><br>Riachtanais na leanaí a shainaithint | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis reatha ar riachtanais an dalta, ag baint úsáide as sonraí scoilbhunaithe agus faisnéis ó shocrúcháin/scoileanna roimhe seo, ó thuismitheoirí agus ó ghairmithe seachtracha.<br><br>• Scagadh breise agus an bailiú sonraí de réir mar is gá a dhéanamh, ag baint úsáide as cur chuige measúnaithe neamhfhoirmiúil agus foirmiúil araon (m.sh. an bhreathnóireacht, faisnéis ar inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, agus tuarascálacha gairmiúla ábhartha).<br><br>• Gach imní a bhaineann leis an dalta a aithint, lena n-áirítear riachtanais acadúla, shóisialta, mhothúchánacha agus/nó chúraim srl.<br><br>• Ní mór riachtanais chúraim agus/nó riachtanais chúraim bhreise (féach Samplaí de Riachtanais Chúraim Phríomhúil) a aithint mar chuid den phróiseas seo sular féidir aon tacaíocht um riachtanas chúraim a mheas.<br><br>• Teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus comhoibriú go gníomhach leo chun a dtuairimí a fháil.<br><br>• Tuairim and dalta a fháil ag an staid seo, agus ag gach céim den phróiseas thíos. |
| **Beart 2:**<br><br>Spriocanna agus cuspóirí a leagan síos | • Bunaithe ar riachtanais atá sainaitheanta, cuirtear tús le/nuashonraítear Plean Tacaíochta do Dhaltaí. Spriocanna soiléire a leagan síos le haghaidh fhorbairt iomlánaíoch an dalta ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. Forbraítear Spriocanna Cúraim Breise ag an gcéim seo freisin.<br><br>• Ba chóir do scoileanna na tuismitheoirí/caomhnóirí a thabhairt isteach sa phróiseas seo, agus na daltaí freisin, nuair is cuí. |
| **Beart 3:**<br><br>Modhanna agus cuir chuige idirghabhála a phleanáil | • An leibhéal agus an cineál idirghabhála a theastaíonn chun spriocanna a bhaint amach do gach dalta ar an gContanam Tacaíochta a shainaithint. Ba chóir do scoileanna machnamh a |

| | |
|---|---|
| | dhéanamh ar na modheolaíochtaí is fearr a oireann don ionchuimsiú fiúntach a chur chun cinn, m.sh.an idirdhealú, an ghrúpáil ilchineálach, an teagasc foirne agus an teagasc i ngrúpaí beaga. Ba chóir dóibh a bheith aireach freisin go bhfuil na hidirghabhálacha agus na tacaíochtaí atá á n-úsáid acu bunaithe ar fhianaise.<br><br>• Nuair a shainaithnítear riachtanais chúraim, machnamh a dhéanamh ar conas is féidir tacú leo. An raon leathan tacaíochtaí a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don dalta chun a c(h)umas a uasmhéadú chun páirt a ghlacadh go neamhspleách; m.sh. tacaíocht piaraí, tacaíocht ón oide RSO, an teicneolaíocht chúnta, idirghabháil an mhúinteora ranga, cuir chuige scoile uile, agus/nó tacaíocht CRS. Cuir na nithe seo a leanas san áireamh: 1. Cé acu de na riachtanais chúraim atá ag an dalta ar féidir tacú leo ag an Leibhéal Tacaíochta Uile-Scoile/Seomra Ranga? (An Tacaíocht do Chách). Ba cheart spriocanna ag an leibhéal seo a mheas i gcónaí, beag beann ar leibhéal an riachtanais chúraim atá sainaitheanta. 2. An bhfuil aon riachtanais chúraim bhreise ag an dalta a dteastaíonn Tacaíocht Scoile uathu? (An Tacaíocht do Roinnt Daoine) 3. An bhfuil riachtanais chúraim bhreise ag an dalta a dteastaíonn tacaíocht uathu ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide? (An Tacaíocht do Chúpla Duine)<br><br>• Má shainaithnítear riachtanais chúraim bhreise, comhlánaigh an chuid den Chomhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta: Spriocanna Cúraim Breise. Beidh mionsonraí sa chomhad seo freisin ar an bpearsanra is fearr a oireann chun na spriocanna comhaontaithe a bhaint amach.<br><br>• Ní bhíonn tacaíocht CRS de dhíth ar riachtanais chúraim ar féidir aghaidh a thabhairt orthu ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal an ranga araon. Ní chuirtear tacaíocht CRS i ngníomh ach amháin nuair ata riachtanais chúraim bhreise ag an dalta nach féidir déileáil leo ar bhealach eile.<br><br>• Ba chóir do scoileanna na tuismitheoirí/caomhnóirí a thabhairt isteach sa phróiseas seo, agus na daltaí freisin, nuair is cuí. |
| **Beart 4:**<br><br>Cláir luath-idirghabhála agus coisc a eagrú | • Bunaithe ar riachtanais aitheanta, cláir luath-idirghabhála/coisc bunaithe ar fhianaise a roghnú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní.<br><br>• An méid ama agus an líon foirne atá ag teastáil a shainaithint. |
| **Beart 5:** | |

| | |
|---|---|
| Tacaíocht le haghaidh Idirghabháil a eagrú agus a chur ar fáil | • Crostagairt a dhéanamh ar riachtanais na ndaltaí ar fud an Chontanaim agus machnamh a dhéanamh ar riachtanais choitianta ar féidir freastal orthu leis an ngrúpáil chun úsáid éifeachtach, chríochnúil na dtacaíochtaí a chinntiú. Comhaontaigh ar cé hiad na baill foirne a bheidh ag freastal ar na grúpaí/daoine aonair seo agus cathain agus cá háit a mbeidh an tacaíocht ar fáil.<br><br>• Sa chás go meastar go bhfuil tacaíocht ag teastáil chun dul i ngleic le haon riachtanais chúraim bhreise atá ann, comhaontaigh cé a bheidh ag freastal ar an scoláire agus cathain/cén áit a mbeidh an idirghabháil/tacaíocht curtha ar fáil, faoi stiúir an mhúinteora.<br><br>• D'fhonn a chinntiú go gcloítear le prionsabail na samhla athbhreithnithe agus go seoltar tacaíocht go cuí agus go cothrom, ní mór do scoileanna a gcuid daltaí a bhfuil riachtanais chúraim acu ar fad a mheas i dteannta a chéile nuair atáthar ag tabhairt faoin gcuid seo den phróiseas.<br><br>• Ba chóir do scoileanna tacaíocht chúraim bhreise a shaincheapadh i gcónaí chun na scoláirí a chur ar a gcumas na spriocanna atá acu a bhaint amach de réir a chéile chomh neamhspleách agus chomh luath agus is féidir de réir mar is cuí.<br><br>• Agus leithdháileadh CRS á mheas, a bheith aireach gur gá deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann na daltaí sin a bhfuil an riachtanas is mó acu an leibhéal is mó tacaíochta ó na CRSanna.<br><br>• Ba choir go mbeadh imscaradh CRS solúbtha agus ar aon dul le riachtanais athraitheacha na ndaltaí de réir mar a athraíonn siad i rith na bliana. Ba cheart gach imscaradh a rianú agus a thaifeadadh. |
| **Beart 6:**<br><br>An dul chun cinn a rianú, a thaifeadadh agus a athbhreithniú | • Córas rianaithe agus taifeadta a chur ar bun (féach Teimpléad Rolla) chun monatóireacht a dhéanamh ar gach dalta a fhaigheann tacaíocht agus ar an gcineál tacaíochta chomh maith le fócas na tacaíochta: ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Uile/Seomra Ranga ag gach múinteoir agus ag leibhéil na Tacaíochta Scoile agus na Tacaíochta Scoile Móide ag múinteoirí ranga/múinteoirí ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta araon<br><br>• Úsáid a bhaint as an gcuid athbhreithnithe den Phlean Tacaíochta Scoile chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagra gach dalta ar gach aon sprioc agus straitéis atá ina bPlean Tacaíochta.<br><br>• Ba chóir do scoileanna na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur san áireamh sa phróiseas seo agus tuairimí na ndaltaí a athbhreithniú agus a thaifeadadh freisin. |

| | |
|---|---|
| | • Maidir le daltaí a bhfuil tacaíocht CRS acu, is é an dea-chleachtas ná go dtacaíonn an CRS leis an dalta chun a t(h)uairmí faoi na Spriocanna um Thacaíocht Chúraim Bhreise a nochtadh, agus go gcuireann an CRS leo. Cabhróidh an CRS leis an múinteoir freisin monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an dalta ag freagairt do na straitéisí agus na spriocanna a roghnaítear chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chúraim bhreise atá aige/aici. Áireofar leis sin doiciméadú a dhéanamh (trí bhreathnuithe agus sceidil araon) ar an dul chun cinn atá á bhaint amach i dtaca leis na riachtanais chúraim atá ag an dalta ó lá go lá.<br><br>• D'fhéadfadh go dtiocfadh atheagrú ar thacaíocht CRS as athbhreithnithe, mar léiriú ar fhreagairt an dalta ar an idirghabháil.<br><br>• Is féidir leis an mBileog Leide Féinmhachnamhach tacú le scoileanna agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bpróiseas trína ndáileann siad acmhainní do riachtanais chúraim bhreise.<br><br>• Ní mór do scoileanna taifid mhionsonraithe a choinneáil ar an gcaoi a n-úsáideann siad a n-acmhainní CRS chun freastal ar riachtanais chúraim bhreise uile a ndaltaí. |

***Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá ag fáil idirghabhálacha trí Chreat an Chontanaim Tacaíochta***

| **An Tacaíocht do Chách sa Scoil Uile agus sa Seomra Ranga Araon** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm an Dalta | Rang | Cur Síos ar an Riachtanas Cúraim | An Cineál Tacaíochtaí | Fócas na Tacaíochta |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| **An Tacaíocht Scoile – Ard-Riachtanais Chúraim Bhreise** | | | | |
| Ainm an Dalta | Rang | Cur Síos ar an Riachtanas Cúraim | An Cineál Tacaíochtaí | Fócas na Tacaíochta |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| **An Tacaíocht Scoile Móide – Na Riachtanais Chúraim Bhreise Is Mó** | | | | |
| Ainm an Dalta | Rang | Cur Síos ar an Riachtanas Cúraim | An Cineál Tacaíochtaí | Fócas na Tacaíochta |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Bileog Leide Féinmhachnamhach Scoile**

**D'fhéadfadh scoileanna na bileoga leide a leanas a úsáid nó a athmhódhnú, dá mba mhaith leo, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaithe um riachtanais chúraim bhreise nó chun an dul chun cinn atá déanta acu maidir le cur i bhfeidhm an Mhúnla Ionchuimsiú Scoile a mheas.**

1. Conas is féidir linn riachtanais chúraim bhreise na ndaltaí a **shainaithint**?

2. Conas is féidir linn **freastal ar** na riachtanais chúraim bhreise seo atá ag na daltaí?

3. Conas is féidir linn **monatóireacht a dhéanamh** ar an dul chun cinn **agus é a thuairisciú?**

4. Conas is féidir lenár scoil **rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a spreagadh** i dtaca le riachtanais chúraim a bpáistí?

5. Conas is féidir leis an scoil **an phleanáil a dhéanamh ag leibhéal na scoile uile** chun an soláthar éifeachtach a dheimhniú do dhaltaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu?

Tá na bileoga leide thíos beartaithe le bheith úsáidte ag an scoil chun imscaradh na n-acmhainní do Riachtanais Chúraim a threorú. Más féidir, ba chóir na bileoga leide a chomhlánú ar bhealach comhoibríoch laistigh den scoil agus ba chóir go mbeadh na leideanna iad féin mar spreagadh don chleachtas machnamhach.

**Conas is féidir linn riachtanais chúraim bhreise na ndaltaí a shainaithint?**

**Conas a úsáidimid an Contanam Tacaíochta agus an Plean Tacaíochta chun cur chuige doiciméadaithe agus céimnithe a sholáthar chun riachtanais na ndaltaí a shainaithint?**

- *Cathain a dhéanann ár gcuid múinteoirí an cinneadh Spriocanna Tacaíochta Cúraim a fhorbairt?*
- *An gcuirimid riachtanais an dalta aonair san áireamh thar raon leathan réimsí, lena n-áirítear réimsí sóisialta, cumarsáide, mothúchánacha agus iompraíochta?*
- *An sainaithnímid saincheisteanna comhshaoil agus comhthéacsúla a bhfuil gá len iad a leasú (saincheisteanna amhairc, éisteachta, fisiceacha, céadfacha)?*
- *Cé chomh minic is a fhorbraítear agus a athbhreithnítear Spriocanna Cúraim agus cé ba cheart a bheith páirteach sa phróiseas seo?*

**Conas a bhailímid an t-eolas a theastaíonn uainn chun ár gcinnteoireacht a threorú ionas gur féidir linn an leibhéal tacaíochta is mó a sholáthar dóibh siúd a bhfuil na riachtanais is mó acu?**

- *Cad iad na taifid bhreathnóireachta a chabhraíonn linn riachtanais a aithint?*
- *Cad iad na cineálacha measúnaithe a chuidíonn linn le riachtanais a scagadh agus a shainaithint?*
- *Conas a dhéanaimid faisnéis a fhaightear ó na daltaí, ó na tuismitheoirí, ó theiripeoirí MIS, ó ghairmithe seachtracha agus ó shuíomhanna oideachais eile a chomhtháthú chun cabhrú le sainaithint na riachtanas?*

| Cad iad na láidreachtaí atá againn? | Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? |
|---|---|
| | |

**Conas is féidir linn feabhsú?**

**Conas is féidir linn freastal ar na riachtanais chúraim bhreise seo atá ag na daltaí?**

**Cad iad na céimeanna atá á nglacadh ag múinteoirí chun a bpríomhfhreagracht as riachtanais chúraim gach scoláire ina rang a chomhlíonadh?**

- *Cad iad na straitéisí a úsáidtear ag leibhéal an ranga chun bacainní ar an rannpháirtíocht a shárú?*
- *Conas a dhéantar an fhoghlaim a bhriseadh síos ina céimeanna loighciúla soláimhsithe chun deimhniú go bhfuil dúshláin foghlama oiriúnacha ag na daltaí uile?*
- *Maidir le gníomhaíochtaí, cé mhéid díobh a dhéantar go comhoibríoch, i dteannta daoine/páistí eile agus atá praicticiúil?*
- *An bhfuil aon chaighdeáin nó ráitis dea-chleachtais ó Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2016 a bheadh úsáideach chun eispéiris agus torthaí foghlama níos fearr a chur ar fáil dár scoláirí?*

**Conas a chomhoibríonn an lucht bainistíochta, na múinteoirí ranga/ábhair, na múinteoirí oideachais speisialta agus CRS chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus chun deimhin a dhéanamh go mbíonn dul chun cinn á dhéanamh acu?**

- *Conas a úsáidimid cláir idirghabhála sna seomraí ranga príomhshrutha uile sa scoil?*
- *Conas a oibríonn an fhoireann go léir le chéile chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus iompraíochta acu?*

| Cad iad na láidreachtaí atá againn? | Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? |
|---|---|
| | |

| Conas is féidir linn feabhsú? |
|---|
| |

**Conas is féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus é a thuairisciú?**

**An bhfuil cur chuige timthriallach réitithe fadhbanna glactha againn i leith na pleanála agus an athbhreithnithe agus an dtagann spriocanna soiléire as sin, a bhaineann le riachtanais chúraim tosaíochta ár ndaltaí?**

- *Conas a shocraímid spriocanna agus a cheapaimid pleananna dár scoláirí ar mhaithe le riachtanais a shainaithint agus inar féidir monatóireacht agus taifead a dhéanamh orthu?*
- *Conas a chomhoibríonn múinteoirí, múinteoirí oideachais speisialta agus CRSanna maidir le pleananna tacaíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú?*
- *Conas a dhéanaimid monatóireacht ar éifeachtacht ár n-idirghabhálacha chun an neamhspleáchas agus an teacht aniar a chur chun cinn?*
- *Cé chomh mór is atá scrúdú déanta againn ar na féidearthachtaí maidir leis an teicneolaíocht chúnta?*

**Cé leis a rachaimid i gcomhairle agus cad atá i gceist le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí/an dul chun cinn?**

- *Cén chaoi a gcuirfimid na tuismitheoirí agus na daltaí san áireamh agus an mhonatóireacht á déanamh againn ar an dul chun cinn?*
- *Conas a chuirimid in iúl an dul chun cinn atá déanta ag ár ndaltaí?*

| Cad iad na láidreachtaí atá againn? | Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? |
|---|---|
| | |

| Conas is féidir linn feabhsú? |
|---|
| |

**Conas is féidir lenár scoil rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh i dtaca le riachtanais chúraim a bpáistí?**

**Conas atá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí á spreagadh sa scoil i dtaca le riachtanais chúraim a bpáistí?**

Agus machnamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcleachtas atá sa scoil cheana féin chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh, féadfar na ceisteanna seo a leanas a bheith curtha san áireamh, i dtaca le bearta atá á nglacadh cheana féin agus i dtaca le bearta ar féidir glacadh leo amach anseo freisin:

- *Conas a bhíonn pobal na dtuismitheoirí páirteach i bhforbairt an tsoláthair agus an pholasaí um riachtanais speisialta oideachais agus conas a chuirtear ar an eolas iad?*
- *Conas a bhíonn tuismitheoirí/caomhnóirí páirteach ar bhealach fóinteach nuair atáthar i mbun tacaíochtaí CRS (mar shampla Tacaíocht Scoile Spriocdhírithe/Dian-Tacaíocht Scoile) a mheas dá leanbh?*
- *Cén tslí a bhfuil na tuismitheoirí/caomhnóirí go hiomlán rannpháirteach ar bhealach fíor-chomhoibritheach i ndréachtú spriocanna cúraim bhreise a linbh?*
- *Conas a dhéanaimid an fhaisnéis agus an saineolas atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir lena leanbh féin a ghabháil agus a luacháil?*
- *An bhfuil baint againn le tuismitheoirí/caomhnóirí ag gach leibhéal de phróiseas an Chontanaim Thacaíochta?*
- *An bhfuil modh cumarsáide comhaontaithe idir muintir an linbh agus an scoil? Cé chomh rialta is a dhéantar an chumarsáid seo?*
- *An féidir linn níos mó a dhéanamh chun rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun tacú lena leanbh ar scoil?*
- *An gcuirimid deiseanna ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun níos mó a fháil amach faoi shaincheisteanna maidir leis an oideachas speisialta trí theagmháil a bheith acu le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile?*
- *Conas is féidir linn tacú le baill foirne teagmháil a dhéanamh go héifeachtach le tuismitheoirí/caomhnóirí?*
- *An bhfuil aon chaighdeáin nó ráitis dea-chleachtais ó Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2016 a bheadh úsáideach chun rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh i riachtanais chúraim a linbh?*

| **Cad iad na láidreachtaí atá againn?** | **Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn?** |
|---|---|
| | |

| Conas is féidir linn feabhsú? |
| --- |
| |

**Conas is féidir leis an scoil an phleanáil a dhéanamh ag leibhéal na scoile uile chun soláthar éifeachtach a dheimhniú do dhaltaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu?**

**Conas a dhéantar an phleanáil ag leibhéal na scoile uile chun freastal ar riachtanais na daltaí sin a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu?**

- *Conas a chothaímid cur chuige ionchuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na riachtanas atá ann inár scoil?*
- *Conas a chuirimid an bhraistint idirnasctha atá ag na scoláirí leis an scoil, lena bpiaraí agus lena múinteoirí chun cinn? An bhfuil athbhreithniú déanta againn ar ár riachtanais forbartha gairmiúla leanúnacha, maidir le teagasc agus le foghlaim d'ardchaighdeán sa seomra ranga príomhshrutha agus i suíomhanna speisialta araon?*
- *Conas a théimid i gcomhairle leis na scoláirí maidir lena dtacaí cúraim agus a straitéisí cúraim?*
- *An bhfuil aon chaighdeáin nó ráitis dea-chleachtais ó Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2016 a bheadh úsáideach chun deimhniú go n-éistear le tuairimí an dalta maidir lena c(h)uid riachtanas cúraim?*
- *Conas a théimid i gcomhairle leis na tuismitheoirí maidir leis na tacaí cúraim agus a straitéisí cúraim a nglactar leo sa scoil?*
- *Conas a chothaítear idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht na scoláirí i saol na scoile?*
- *Conas a dhéanaimid pleanáil le haghaidh aistrithe isteach sa scoil, amach aisti agus taobh istigh di chomh maith?*
- *An bhfuil nósanna imeachta/prótacail curtha i mbun againn chun idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta?*

| Cad iad na láidreachtaí atá againn? | Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? |
|---|---|
| | |

| Conas is féidir linn feabhsú? |
|---|
| |

Agus machnamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcleachtas atá sa scoil cheana féin chun rannpháirtíocht tuismitheoirí agus scoláirí a spreagadh, féadfar na ceisteanna seo a leanas a bheith curtha san áireamh, i dtaca le bearta atá á nglacadh cheana féin agus i dtaca le bearta ar féidir glacadh leo amach anseo freisin:

## Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

- Conas a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí agus cén chaoi a gcuirtear ar an eolas iad faoin gcineál soláthair riachtanas agus faoi pholasaí sa scoil um riachtanais chúraim bhreise?
- Conas a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí agus tacaíochtaí riachtanas cúraim breise á moladh dá leanbh?
- An bhfuil baint againn le tuismitheoirí ag gach leibhéal den phróiseas pleanála?
- Cé mhéid a éascaítear cumarsáid rialta le tuismitheoirí ag a bhfuil leanbh a bhfuil riachtanas cúraim bhreise aige/aici?
- Cad iad na bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar thuismitheoirí le bheith páirteach go huile is go hiomlán sa tacaíocht lena leanbh ar scoil? Mar shampla bacainní cultúrtha, teanga, litearthacht daoine fásta agus an mheabhairshláinte. Cad a bheadh cabhrach chun na bacainní seo a shárú?
- An gcuirimid deiseanna ar fáil do thuismitheoirí níos mó a fháil amach faoi shaincheisteanna maidir leis an oideachas speisialta trí theagmháil a bheith acu le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile?
- Conas is féidir linn tacú le baill foirne teagmháil a dhéanamh go héifeachtach le tuismitheoirí?


## Rannpháirtíocht na nDaltaí

- An dtugann rannpháirtíocht na scoláirí treoir/eolas don phróiseas pleanála?
- Conas a ghlacaimid tuairimí na scoláirí agus conas a dhéanaimid iad a spreagadh páirt a ghlacadh i dtaca leis na tacaí cúraim agus na straitéisí atá á n-úsáid leo?
- An athraímid an uirlis nó an modh chun tuairimí an dalta a ghabháil, ag brath ar a bpróifíl?
- An gcuirimid deiseanna ar fáil don dalta muid a chur ar an eolas má thagann athrú ar rud éigin i dtaca leis na riachtanais atá acu?
- An dtéimid i gcomhairle leis na scoláirí agus muid ag athbhreithniú a gcuid tacaíochtaí?

# COMHAD AN SCOLÁIRE UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA – Lena gCuimsítear na Spriocanna um Thacaíocht Chúraim Bhreise

CUIR LÓGÓ NA SCOILE
ISTEACH ANSEO

| COMHAD AN SCOLÁIRE UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA | |
|---|---|
| **Ainm an Dalta** | |
| **Dáta Breithe** | |
| **Scoil** | |
| **An Dáta a Osclaíodh an Comhad** | |
| **An Dáta a Dúnadh an Comhad** | |




**Contanam Tacaíochta**

Is toradh é forbairt phlean tacaíochta an dalta ar phróiseas réitithe fadhbanna, a bhaineann le foireann na scoile, tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus leis an dalta. Ag an tosach, déanaimid údáir imní a aithint, bailímid faisnéis, cuirimid plean le chéile agus déanaimid athbhreithniú air.

**Comhad An Scoláire Um Leanúntas Tacaíochta,**

**Taifead na Bearta**

| Dáta | Bearta |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Seicliosta Tacaíochta**

| **Ainm:** | | **Aois:** | **Rang:** |
|---|---|---|---|
| | Eolas Ginearálta | Dáta Seiceáilte | Nótaí/ráitis |
| 1. | Teagmháil déanta le Tuismitheoirí/Caomhnóirí | | |
| 2. | Eolas atá faighte roimhe seo ón scoil/réamhscoil | | |
| 3. | Éisteacht | | |
| 4. | Amharc | | |
| 5. | Riachtanais Leighis | | |
| 6. | Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach | | |
| 7. | Measúnú/trialacha scagtha déanta | | |
| 8. | Breathnóireacht ar an stíl foghlama/cur chuige i leith na foghlama | | |
| 9. | Breathnóireacht ar an iompraíocht | | |
| 10. | Comhrá/plé leis an dalta | | |
| 11. | Teagasc difreáilte curtha i bhfeidhm sa rang? | | |
| 12. | An Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint? | | |
| 13. | Timpeallachtaí clóis/scoile curtha in oiriúint? | | |
| 14. | Comhairliúchán/comhairle neamhoifigiúil nó oifigiúil araon le gairmithe seachtracha? | | |
| 15. | Comhairle faighte ó mhúinteoir oideachais speisialta nó ó baill foirne eile na scoile? | | |
| 16. | Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil? | | |
| Beart atá de dhíth | | | |

| **PLEAN TACAÍOCHTA*[1]** | An Tacaíocht sa Seomra Ranga (An Tacaíocht do CHÁCH)<br>An Tacaíocht Scoile (An Tacaíocht do ROINNT DAOINE)<br>An Tacaíocht Scoile Móide Do Chúpla Duine |
|---|---|

Le bheith comhlánaithe ag an múinteoir/na múinteoirí.
Chun cabhair a fháil, féach SEN: :Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí; BESD: Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí, lch. 71-74; Contanam Tacaíochta do Mheánscoileanna, Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí, lch. 51,53,54,57.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an dalta | | Aois | |
| Múinteoir tosaigh | | Rang/bliain | |
| Dáta tosaithe an phlean | | | |
| Dáta athbhreithnithe an phlean | | | |
| Na buanna agus suimeanna atá ag an dalta | | | |
| Na Príomhúdair Imní | | | |
| Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis na húdair imní | | | |
| Spriocanna don dalta | | | |
| Straitéisí chun cabhrú leis an scoláire na spriocanna a bhaint amach | | | |
| An fhoireann atá páirteach agus na hacmhainní atá ag teastáil | | | |

[1] Féadfar cur leis an bplean seo le comhairliúchán le síceolaí NEPS/gairmí eile.

| | |
|---|---|
| Sínithe an tuismitheora/chaomhnóra / na tuismitheoirí/gcaomhnóirí | |
| Síniú an mhúinteoir ranga/ábhair | |

## PLEAN TACAÍOCHTA AR LEAN: SPRIOCANNA TACAÍOCHTA CÚRAIM BHREISE (nuair atá riachtanais chúraim bhreise sainaitheanta)[2]*

*Le comhlánú ag an múinteoir(í) i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill foirne a thacaíonn le riachtanais chúraim bhreise an dalta. Ba chóir tuairimí an dalta a ghabháil freisin mar chuid den phróiseas seo, de réir mar is cuí.*

| | |
|---|---|
| Spriocanna Cúraim Fadtéarmacha | |
| Spriocanna Cúraim (lena n-áirítear tuairimí an dalta) | |
| Straitéisí chun cabhrú leis an scoláire na spriocanna cúraim a bhaint amach | |
| Na baill foirne, agus an fhoireann tacaíochta san áireamh, atá páirteach: | |
| Ionchur Tuismitheora/Caomhnóra | |
| Minicíocht na tacaíochta | |
| Amlíne chun spriocanna a bheith bainte amach: | |
| Dáta an athbhreithnithe | |
| Sínithe an tuismitheora/chaomhnóra / na tuismitheoirí/gcaomhnóirí | |
| Síniú an mhúinteora | |

[2] * Féadfar cur leis an bplean seo le comhairliúchán le síceolaí NEPS/gairmí eile.

**TAIFEAD AR ATHBHREITHNIÚ AN PHLEAN TACAÍOCHTA***

An Tacaíocht sa Seomra Ranga
(An Tacaíocht do CHÁCH)
An Tacaíocht Scoile
(An Tacaíocht do ROINNT DAOINE)
An Tacaíocht Scoile Móide
(An Tacaíocht do CHÚPLA DUINE)

*Le comhlánú ag múinteoir ranga/ábhar(air) nuair atáthar ag déanamh athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Don Dalta, chun bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh spriocanna amach anseo, i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus leis an dalta agus an fhoireann a thacaíonn le riachtanais chúraim bhreise an dalta.*

Chun cabhair a fháil, féach SEN:Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí; BESD: Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí; Contanam Tacaíochta do Mheánscoileanna, Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí; Foirne um Thacaíocht do Dhaltaí i Meánscoileanna.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an dalta | | Rang/bliain | |
| Ainmneacha na ndaoine ag an athbhreithniú | | Dáta Athbhreithniú | |
| Cad iad na réimsí den phlean is fearr ar éirigh leo, agus cén fáth? | | | |
| Ó thús an phlean, an bhfuil aon athrú tagtha ar na húdair imní a bhí ann ag tosach? Más ea, cad iad na hathruithe sin, agus cad atá foghlamtha againn uathu? | | | |
| Ar athraigh riachtanais an dalta ón am a chuireadh tús leis an bplean, agus más amhlaidh, conas a d’athraigh sé? | | | |
| Gníomhartha molta amach anseo – cad, conas, cé, cathain? | | | |
| Aon tuairimí ag an dalta? | | | |
| Aon tuairimí ag na tuismitheoirí/caomhnóirí? | | | |
| Sínithe an tuismitheora/chaomhnóra / na tuismitheoirí/gcaomhnóirí | | | |
| Síniú an mhúinteora/na múinteoirí | | | |
| **Toradh an athbhreithnithe** | | | |
| ☐ | Téigh ar ais chuig an leibhéal tacaíochta a bhí ann roimhe seo–An Tacaíocht do | ☐ | Téigh ar aghaidh chuig an chéad leibhéal tacaíochta eile ina dhiaidh–An Tacaíocht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Chách/Tacaíocht do Roinnt Daoine/Tacaíocht do chúpla duine | | do chách/Tacaíocht do roinnt Daoine/Tacaíocht do Chúpla duine |
| ☐ | Leanúint ar aghaidh leis an Leibhéal Tacaíochta Reatha | ☐ | Iarr ar chomhairliúchán le daoine gairmiúla eile |

* Féadfar cur leis an athbhreithniú seo le comhairliúchán le síceolaí NEPS/gairmí eile.

# TAIFEAD AR ATHBHREITHNIÚ AN PHLEAN TACAÍOCHTA AR LEAN: LE HAGHAIDH SPRIOCANNA TACAÍOCHTA CÚRAIM BHREISE (má shainaithnítear iad)*

*Le comhlánú ag an rang/ábhar(air) nuair atáthar ag déanamh athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Don Dalta, chun bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh spriocanna amach anseo, i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus leis an dalta agus an fhoireann a thacaíonn le riachtanais chúraim bhreise an dalta.*

<table>
<tr><td colspan="4">Cad iad na spriocanna cúraim is fearr ar éirigh leo, agus cén fáth?</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ó thús an Phlean Tacaíochta, an bhfuil aon athrú tagtha ar na húdair imní a bhí ann ag tosach? Más ea, cad iad na hathruithe sin, agus cad atá foghlamtha againn uathu?</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ar athraigh riachtanais chúraim bhreise an dalta ón am a chuireadh tús leis an bplean, agus más amhlaidh, conas a d'athraigh sé?</td></tr>
<tr><td colspan="4">Aiseolas ón dalta maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige/aici</td></tr>
<tr><td colspan="4">Tuairimí ag na tuismitheoirí/caomhnóirí:</td></tr>
<tr><td colspan="4">Bearta molta amach anseo – cad, conas, cé, cathain?</td></tr>
<tr><td colspan="2">Sínithe an tuismitheora/chaomhnóra / na tuismitheoirí/gcaomhnóirí</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Síniú an mhúinteora/na múinteoirí</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="4">Toradh an athbhreithnithe</td></tr>
<tr><td>☐</td><td>Téigh ar ais chuig an leibhéal tacaíochta a bhí ann roimhe seo–An Tacaíocht do Chách/Tacaíocht do Roinnt Daoine/Tacaíocht do chúpla duine</td><td>☐</td><td>Téigh ar aghaidh chuig an chéad leibhéal tacaíochta eile ina dhiaidh–An Tacaíocht do chách/Tacaíocht do roinnt Daoine/Tacaíocht do Chúpla duine</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | Leanúint ar aghaidh leis an Leibhéal Tacaíochta Reatha | ☐ | Iarr ar chomhairliúchán le daoine gairmiúla eile |

* Féadfar cur leis an athbhreithniú seo le comhairliúchán le síceolaí NEPS/gairmí eile.

**Samplaí de Riachtanais Chúraim Phríomhúil a bhfuil gá le tacaíocht bhreise ó dhuine fásta**

**Ar aon dul le Ciorclán 0030/2014 ón Roinn Oideachais**

**Treoir maidir le riachtanais chúraim shuntasacha**

| **Cur Síos ar an Riachtanas Cúraim:** | **Cuimsítear leis:** | **Ní chuimsítear leis:** |
|---|---|---|
| Cúram Leithris | Aire a thabhairt do dhaltaí atá neamhchoinneálach<br><br>(clúidíní nó éadaí coinneálachta eile a caitheamh)<br><br>An Cathaitéarú Eadamhach Glan (CIC) (nuair nach féidir leis an dalta an féin-chaitéarú a dhéanamh)<br><br>Aire a thabhairt i dtaca le cataitéar nó stóma inmheánach (leanaí óga)<br><br>Athruithe tar éis "timpistí" leithris (leanaí óga) i dtaca leis an gclár úsáide leithris<br><br>Féadfar go n-áireofaí leis dalta atá óg nó soghonta a thionlacan chuig an leithreas, má tá an leithreas lasmuigh den seomra ranga | An dalta a spreagadh chun nod/leid a thabhairt don dalta an leithreas a úsáid<br><br>Ag meabhrú don dalta é féin a ghlanadh nó a lámha a ní/thriomú<br><br>Éadaí a réiteach tar éis an leithreas a úsáid |
| Beathú | Dalta a bheathú nach bhfuil in ann é féin a bheathú<br><br>Beathú PEG nó an beathú feadáin<br><br>Maoirseacht a dhéanamh ar dhalta a bhfuil plean cúraim um Bheathú Ól Ithe Slogadh (FEDS) aige mar gheall ar bhaol tachta/análaithe | Dalta a spreagadh nó a mheabhrú chun ite; cabhrú leo a mbosca lóin a oscailt<br><br>Maoirseacht a dhéanamh ar dhalta ar eagla go n-itheann sé an iomarca nó go gcuirfeadh sé/sí an iomarca bia ina b(h)éal |
| Leigheas a thabhairt | Leigheas a thabhairt do dhalta nach bhfuil ar a chumas cógas a thabhairt dó/di féin mar gheall ar a aois nó riachtanas foghlama nó eile, de réir phlean cúraim an dalta agus polasaí na scoile;<br><br>Cógas éigeandála a riar más gá, de réir phlean cúraim an dalta agus polasaí na scoile;<br><br>Cabhrú le hanálóirí nó néalaitheoirí nó le idirghabháil leighis de shaghas eile nuair nach bhfuil an dalta in ann é sin a dhéanamh mar | Cógas a thabhairt nach bhfuil áirithe i bplean cúraim an dalta nó i mbeartas sláinte na scoile |

| | | |
|---|---|---|
| | gheall ar a aois, nó mar gheall ar riachtanas foghlama nó riachtanas eile. | |
| Cúnamh leis an tsoghluaisteacht agus le treoshuíomh | Cabhrú le dalta a bhfuil a c(h)uid soghluaisteachta lagaithe agus mar sin go n-úsáideann sé/sí cathaoir rothaí , siúltóir nó áis eile<br><br>Cabhrú le daltaí a bhfuil lagú radhairc orthu agus iad ag bogadh trí fhoirgneamh na scoile | Daltaí a bhíonn ag titim nó go mbainfí tuisle astu uaireanta<br><br>Bainistíocht ghinearálta ar chontúirt sa timpeallacht m.sh. málaí agus cathaoireacha á mbogadh |
| Cabhrú le múinteoirí maoirseacht a dhéanamh | An mhaoirseacht sa chlós, sa bhreis ar an maoirseacht mhúinteora, do dhaltaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu mar gheall ar mhíchumas fisiceach suntasach, riocht sláinte nó iompar ar ábhar imní é<br><br>Maoirseacht sa rang agus le linn aistrithe do dhaltaí a bhfuil iompraíocht ar ábhar suntasach imní é acu | Maoirseacht a dhéanamh ar ranganna;<br><br>Maoirseacht a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu le linn tréimhsí ranga ina bhfuil curaclam laghdaithe<br><br>Ionadaíocht a dhéanamh ar mhaoirseacht mhúinteora sa chlós<br><br>Feidhmiú in ionad oiriúnuithe comhshaoil |
| Riachtanais chúraim neamh-altranais | Aire a thabhairt do dhalta le linn taoma<br><br>Cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar riocht sláinte do dhalta óg nó leochaileach m.sh. an diaibéiteas, mar chuid de phlean freagartha leighis<br><br>Nósanna imeachta a bhféadfadh baint a bheith acu leis an scoláire a tharraingt siar ón rang (daltaí óga nó leochaileacha) | Nósanna imeachta gurb é gairmí leighis a dhéanfadh iad de ghnáth |
| Riachtanais chúraim a mbeadh sé i gceist leo an scoláire a tharraingt siar ón rang | Ag cabhrú le nósanna imeachta leighis, leigheas a thabhairt<br><br>Daltaí a tharraingt siar ar feadh tamall gairid – iad siúd nach féidir leo déileáil i dtimpeallacht an tseomra ranga gan ionchur dá leithéid nó scoláirí a léiríonn iompar ar ábhar imní suntasach é | Sosanna gluaiseachta sceidealta<br><br>Chun sos a thabhairt don mhúinteoir nó don rang |

| | | |
|---|---|---|
| Rudaí a bhogadh agus a iompar, oibriú ardaitheoirí agus trealaimh | Ardaitheoirí nó trealamh eile a úsáid chun cúram leithris, cúram pearsanta nó coirp a chur ar fáil don dalta<br><br>Dalta a ardú nó a aistriú ar shlí eile ar mhaithe le cúram pearsanta a dhéanamh nó aistriú idir trealamh nó idir urlár agus trealamh araon | Go ginearálta, is féidir le haon CRS amháin ardaitheoir a oibriú. Is é an t-ardaitheoir a iompaíonn an t-ualach, agus fágann sé sin nach bhfuil gá leis an dara duine fásta. Ní mór dínit an dalta a choinneáil. |
| Cúnamh le mórdheacrachtaí cumarsáide, *atá ann mar gheall ar dheacrachtaí coirp, amhairc, éisteachta agus/nó sóisialta-mhothúchánacha atá ag an leanbh* | Cabhrú leis an mBraille, le Lámh, leis an Teanga Chomharthaíochta, agus le córais chumarsáide bhreisitheacha agus mhalartacha araon<br><br>Ullmhú Ábhair Ranga - an cló mór<br><br>An trealamh a bhainistiú agus a aistriú de réir mar is gá<br><br>Tacú le haistrithe | Daltaí a bhfuil Moilliú Forbartha ó Thaobh Teanga orthu<br><br>Daltaí a bhfuil deacrachtaí fóineolaíochta acu<br><br>Daltaí a choimeád dírithe ar an tasc<br><br>Cadhnraí a sheiceáil do dhaltaí ar féidir leo é sin a dhéanamh go neamhspleách sin |
| Iompar ar Chúis Imní É | Cabhrú le cur i bhfeidhm an Phlean Tacaíochta Iompraíochta i gcásanna nár éirigh le gach idirghabháil eile<br><br>Maoirseacht bhreise a chur ar fáil sa rang, le haghaidh aistrithe agus sa chlós, de réir mar is gá<br><br>Tarraingt siar ón rang más gá (mar atá leagtha amach thuas) | Nod a thabhairt don dalta fanacht ina shuíochán, treoracha a leanúint, gan luascadh ar an gcathaoir, gan na freagraí a bhéiceadh amach<br><br>Treoracha an mhúinteora a athrá<br><br>Daltaí a choimeád dírithe ar an tasc<br><br>An CRS a úsáid mar an chéad fhreagróir chun freastal ar riachtanais iompraíochta |